

Leabhar IÚIDIT

Beirt Fhathach i nGleic

1 Bhí rí na hAsáirigh fadó, Nabúcadnazar, a raibh cónaí air i gcathair mhór Nínivé. Sa dara blian déag ina rí dhó, chuir sé cogadh ar Arfacsad, rí na Méideach, a chónaigh in Eacbatana. ²Bhí seisean tar éis múrtha cosanta a thógáil timpeall ar chathair Eacbatana a bhí seachtó banlámh ar airde, agus caoga banlámh ar tiús. Clocha snoite a bhí sna múrtha sin, sé faoi thrí bhanlámh i ngach cloch acu. ³Bhí túir le hais na ngeataí a raibh a mbarr céad banlámh san aer agus a bhí trí fichid ar leithead thíos ina mbonn. ⁴Na geataí féin a rinne sé, seachtó banlámh ar airde a bhíodar, agus daichead trasna, i dtreo go bhféadfadh mórfhórsaí míleata an rí, saighdiúirí coise agus uile, máirseáil tríothu amach in eagar.

⁵Sea, chuir Nabúcadnazar rí cath ar Arfacsad sa mhachaire mór i ndúiche Ráige.

⁶Agus sheas ar aon taobh leis na treibheanna go léir sna sléibhte agus cois Eofrataes agus cois Tígrise agus cois Hídeaspas, agus an méid de mhuintir an mhachaire a bhí faoi Airíoch, rí Eiliomáis – an-chuid ciníocha ar fad acu a chuir a nuaillí le guaillí na gCaidéach sa slogadh.



⁷Chuir Nabúcadnazar fios ar mhuintir na Peirse agus ar ar chónaigh as sin siar chomh maith, sa tSiléis agus sa Damaisc, sa Liobáin agus san Aintiliobáin agus cois farraige, ⁸i measc na gciníocha ar Chairmeil agus i nGileád, in uachtar na Gailíle agus ar mhachaire mór Easdraelón, ⁹sa tSamáir agus sna bailte máguaird, lastall den Iordáin agus sna haird as sin ó dheas – Iarúsailéim agus an Bheatáin agus Cealos agus Cáidéis agus Abhainn na hÉigipte, ansin Tafnas agus Ramasaes agus ceantar Ghoisin ar fad; ¹⁰thar Táinis agus Meimfis ó dheas arís, fad na hÉigipte uile síos go dtí críocha na hAetóipe. ¹¹Ach sa réimse sin tíre ba bheag a mbeann ar a ndúirt Nabúcadnazar, rí na nAsáireach, leo. Níor bhaol go rachaidís chun cogaidh ina theannta, mar ní raibh scáth dá laighead orthu roimhe. Cad a bhí ann ach fear mar chách eile, dúradar, agus chuireadar uathu abhaile a chuid teachtairí, gan de thoradh ar a dturas ach an tarcaisne.

¹²Ghabh racht feirge Nabúcadnazar leis an dúiche sin ar fad agus thug sé na mionna móra, chomh cinnte is bhí sé ina rí agus ríchathaoir faoi, dúirt sé, go mbainfeadh sé díoltas amach ar na críocha sin uile, sa tSiléis agus sa Damaisc agus sa tSír, gan duine a dhul beo óna chlaíomh i Móáb ná Amón ná Iúdáia, ná san Éigipt féin síos amach go dtí an dá chósta dhi.

¹³Ar aon nós, amach leis i gcoinne Arfacsad lena raibh leis, agus é seacht mbliana déag ina rí an bhliain sin. Rinne sé slad agus eirleach ar arm Arfacsad – eachra agus carbaid agus uile. ¹⁴Ghabh sé gach cathair dá raibh aige, fiú Eacbatana féin, agus níor fhág sé túr ann gan a shárú, ná sráid gan a creachadh, go dtí go raibh an chathair álainn sin ina tranglam briste aige. ¹⁵Tháinig sé suas le hArfacsad féin i sléibhte Ráige; bás an ainmhí a thug sé air le sleánna fiaigh, agus chuir deireadh go deo leis.



¹⁶Abhaile le Nabúcadnazar ansin, é féin agus a raibh tar éis troid ina theannta, slua ollmhór saighdiúirí, agus ligeadar a scíth ar feadh céad lá is fiche, gan inní ná easnamh orthu, an rí agus an t-arm le chéile.

Díoltas

2San ochtú bliain déag dá réimeas, an dara lá fichead den chéad mhí, tugadh anuas i bpálás Nabúcadnazar, rí na nAsáireach, an díoltas seo a bhí geallta aige ar an réigiún thiar ar fad, mar a bhí ráite aige. ²Ghlaoigh sé chuige le chéile a gharda uile agus príomhoifigigh a airm agus mhínigh dóibh an rún a bhí glactha aige. D’inis sé tríd síos ina fhocail féin an t-olc go léir a bhí déanta ag muintir an réigiúin sin. ³Agus d’aontaigh siad go mba cheart bascadh agus bás a imirt ar chách nár ghéill d’ordú an rí.

⁴Sea, níor thúisce ráite ná beartaithe é, agus níor thúisce beartaithe é ná ghlaoigh Nabúcadnazar, rí na nAsáireach, ar Holofarnaes chuige. B’shin ardcheannasaí an airm, fear nach raibh os a chionn ach an rí féin. ⁵“Seo mar a ordaíonn an t-ardrí, tiarna an domhain,” ar seisean leis. “Bí chun bóthair uaim, agus beir leat fir nach bhfuil amhras faoina gcumas, timpeall céad agus a fiche míle de choisithe agus eachra chomh maith – dhá mhíle déag marcach. ⁶Gluais leat i gcoinne ciníocha uile an iarthair, nár thug aird ar m’fhocal. ⁷Abair leo cré agus uisce a bheith ullamh acu, mar go mbeadsa chucu i bhfearg. Ní bheidh fód caol dá dtír nach leagfaidh saighdiúir liom cos air, agus é tugtha dóibh agamsa mar chreach. ⁸Ní bheidh clais ná cumar nach mbeidh lán suas d’fhir ghonta agus beidh na sileáin agus na haibhneacha thar a mbruacha amach lena mbeidh de chorpáin



caite iontu. ⁹[An méid a fhágfar beo,] cuirfidh mé ina mbraighdeanaigh go dtí deireadh an domhain iad. ¹⁰Seo leat mar sin: gabh tiarnas ar an réigiún sin go léir i mo chomhair. Géillfidh siad duit agus coinneoidh tú smacht orthu go dtiocfaidh an lá chun díoltas a imirt orthu. ¹¹Aon duine nach ngéilleann duit, ná bíodh léas trócaire i do shúil dó; ná bíodh le fáil aige sa cheantar sin ach slad agus eirleach. ¹²Tá deireadh ráite agam. Sin mar a dhéanfaidh mé, nó ní fear beo ná rí láidir mise. ¹³Déansa a bhfuil ordaithe agam, gach pioc de, mar is mise do thiarna. Gach pioc riamh, a deirim, agus déan gan mhoill é.”

¹⁴Amach le Holofarnaes as láthair a thiarna, agus ghlaigh sé chuige a raibh de thaoisigh agus de cheannairí agus d'oifigigh in arm na nAsáireach, ¹⁵agus cheap sé na saighdiúirí ab fhearr, de réir mar a d'ordaigh a thiarna – céad agus a fiche míle acu agus dhá mhíle déag marcach agus bogha ag gach fear acu. ¹⁶Agus chuir sé eagar orthu mar a chuirtear ar arm chun catha. ¹⁷Chomh maith, bhailigh sé táin mhór de chamaill agus d'asail agus de mhiúileanna chun a gcuid trealaimh a iompar dóibh. Agus chun bia, bhí aige tréad mór bó agus caorach agus gabhar, nach raibh aon chomhaireamh orthu. ¹⁸Bhí lón maith flaithiúil don bhóthar ag gach saighdiúir san arm sin, agus flúirse óir agus airgid de chuid an rí ina phóca.

¹⁹Ghreadadar leo, é féin agus an slua sin go léir, chun an t-iarthar ar fad a sceitheadh lena gcuid carbad agus capall agus laochra tofa, agus a fhios acu go mbeadh an rí Nabúcadnazar ina ndiaidh. ²⁰Agus ghluais cosmhuintir i dteannta an airm a bhí mar shaithe lócaistí nó néal deannaigh, bhíodar chomh líonmhar dí-áirithe sin. ²¹Thugadar trí lá ag máirseáil ó Nínivé i dtreo mhachaire Bheictilit, agus tar éis dóibh Beictilit a fhágáil ina ndiaidh, rinneadar campa in aice leis an sliabh atá lastuaidh d'uachtar na Siléise.



²²Suas isteach sna cnoic le Holofarnaes ansin, le lán-neart a airm – carbaid agus eachra agus coisithe. ²³Réab sé bealach dó féin trí Phút agus Lúd, agus do chreach sé cine Raisis agus muintir Ísmeáeil a chónaíonn ar imeall an fhásaigh laistean de cheantar na gCeileach.

²⁴Thug sé ruid trasna an Eofrataes agus tríd an Measpataím ansin, agus sháraigh sé na bailte cnoic go léir atá ar feadh an tsileáin Abróna síos go dtí an fharrage.

²⁵Ina dhiaidh sin, ghabh sé an tSiléis agus rinne sceanairt de chách a sheas ina choinne, chomh fada le críocha Iáfat agus ó dheas i dtreo na hAráibe, ²⁶go dtí go raibh muintir Mhidián uile i súil ribe aige. Ansin chuir sé a gcuid bothanna trí thine agus d’ardaigh leis a raibh de chaoirigh sna banracha acu. ²⁷Síos leis ansin ar mhachaire na Damaisce an t-am a raibh an chruithneacht á baint ann. Níor fhág sé gort gan a dhó, ná tréad caorach nó bó gan a chreachadh, ná cathair gan a scriosadh, ná fearann gan milleadh, ná fear óg gan bás an chlaímh a imirt air. ²⁸Chuir sin scéin agus critheagla ar an muintir go léir a mhair ar na feoranna, i dTuír agus i Síodón, agus lucht Shúr agus Óicíneá agus Iaimniá. Muintir Azótas agus Aiscileon leis, bhí sceitimíní eagla orthu roimhe.

Síocháin Éigeantach

3Chuireadar taidhleoirí chuige, agus an focal bog ina mbéal. ²“Is le Nabúcadnazar, an t-ardrí, sinne,” a dúradar. “Sleachtaimid duit. Déan linn mar is toil leat. ³Tá a bhfuil againn os do chomhair – tithe, feirmeacha agus goirt arbhair agus tréada caorach agus bó agus banracha lena mbothanna – déan leo mar is toil leat. ⁴Féach, ár mbailte leis agus a



gcónaíonn iontu. Seirbhísigh leat iad uile; tar agus déan leo mar is toil leat.”⁵ Sin é an port a bhí ag na taidhleoirí nuair a tháingadar os comhair Holofarnaes.

⁶Ghluais sé roimis go dtí cósta na farraige, é féin agus a arm, agus ní raibh baile cnoic sa tír nár chuir sé garastún ann agus nár thóg sé as togha na bhfear chun troda ina arm féin.⁷ Muintir na mbailte sin agus muintir na tuaithe móorthimpeall, thagaidís ag failtiú roimhe mar dhea, agus fleasca bláth orthu agus iad ag bualadh bodhrán agus ag rince.

⁸Níor fhág sé scrín ar na cnoic nár leag sé go talamh, ná coill dhraíochta nár ghearr sé anuas, mar b’shin mar a ordaíodh dó – déithe na tíre uile a dhíothú, i dtreo gurbh é Nabúcadnazar amháin a bheadh á adhradh ag na ciníocha go léir, agus gach treibh acu ag guí chuige, mar Dhia, ina dteanga féin.

⁹Sa tslí sin, tháinig sé go himeall mhachaire Easdraelón, in aice le Dótán, agus sléibhte arda Iúdáia trasna uaidh.¹⁰ Rinne sé campa ansan, idir Gabaí agus Sciotoipoil, agus níor tháinig níos faide go ceann míosa, go dtí go raibh an t-arm ina lán-neart arís.

Imní ar Iosrael

4 Ar ndóigh chuala muintir Iosrael a bhí ina gcónaí i Iúdáia na rudaí seo go léir – a raibh déanta do na ciníocha ag Holofarnaes, ardcheannasaí airm Nabúcadnazar, rí na nAsaíreach, go háirithe, conas mar a réab agus a dhíothaigh sé teampaill a ndéithe orthu.² Bhíodar scéinte ina mbeatha roimhe, agus an baol do Iarúsailéim agus do Theampall an Tiarna, Dia, a chuir barr buartha orthu.³ Ní rabhadar ach tagtha ar ais óna mbraighdeanas agus níorbh fhada ó chruinnigh pobal Iúdáia le chéile agus ó coisriceadh arís an altóir



agus a trealamh agus an Teampall féin a truailíodh fadó. ⁴Chuireadar glaoch cogaidh amach ar fud na tíre, go dtí an tSamáir agus Cóna agus Béit Horón agus Beilmein agus Ireachó agus Cóba agus Aesóra agus Gleann Shailéim. ⁵Cuireadh fir armtha ag gardáil barr na gcnoc, daingníodh na bailte beaga sléibhe, agus cuireadh bia i dtaisce le haghaidh cogaidh; bhí an t-ádh leo nach raibh an fómhar ach bainte acu.

⁶Agus scríobh Ióacaím, an t-ardsagart a bhí in Iarúsailéim an t-am sin, chun muintir Bhéitiúilia agus Bhéiteomastaím, dhá bhaile atá ar imeall mhachaire Easdraelón, díreach trasna ó Dhótán. ⁷Dúirt sé leo saighdiúirí a chur ag gardáil na gconairí sléibhe, mar gur tríothu aníos a d'fhéadfaí teacht ar Iúdáia. Ón uair nach raibh slí sna conairí céanna ach do bheirt le chéile, níor dheacair aon namhaid a choimeád amach.

⁸Sin mar d'ordaigh Ióacaím an t-ardsagart agus seanad Iosrael uile a bhí cruinnithe in Iarúsailéim, agus sin mar a rinneadh. ⁹Agus chuaigh impí dhílis suas chun Dé ó chroí gach fir in Iosrael. D'umhlaíodar iad féin síos roimhe le lánchroí ¹⁰agus cuireadar sacéadach timpeall orthu, iad féin, agus a mbantracht, agus a gclann, agus a lucht oibre, agus sclábhaithe nár d'Iosrael in aon chor iad, agus fiú a gcuid ainmhithe. ¹¹Agus a raibh d'Iosrael in Iarúsailéim féin, fear agus bean agus leanbh acu, chaitheadar iad féin ar an talamh os comhair an Teampaill, agus cuireadar luaitheach ar a gceann, agus shíneadar amach a [lámha] chun an Tiarna. Altóir an Teampaill féin, cuireadar sacéadach uirthi, ¹²agus d'impíodar Dia Iosrael d'aon ghuth ard gan a gcuid leanaí a ligean chun eirligh, ná a gcuid ban chun fuadaigh, ná a mbailte dúchais chun scriosta, ná an Teampall naofa chun sáraithe agus truailithe agus fonóide ag ginte na hurchóide.



¹³Thug an Tiarna cluas dá n-achainí, agus d’fhéach sé le taise ar a ngátar. Mar ní aon lá amháin, ach tamall fada, a thug an pobal ar troscadh in Iúdáia agus in Iarúsailéim féin os comhair thearmann an Tiarna uilechumhachtaigh. ¹⁴Ióacaím an t-ardsagart, agus foireann sagart uile an Teampaill, a d’fhónadh don Tiarna, bhí sacéadach orthu agus an ghnáthíobairt loiscthe agus íobairtí dúthrachta agus dualgais na ndaoine á n-ofráil acu. ¹⁵Bhí luaitheach ar a gceannbheart acu, agus iad ag guí chun an Tiarna le neart a groí fóirithint ar theaghlach Iosrael.

Comhairle na nEachtrannach

5Chuaigh an scéal chun Holofarnaes, ardcheannasaí airm na nAsáireach, i dtaobh an ullmhúchán cogaidh seo a bhí ar siúl ag muintir Iosrael – na conairí sléibhe druidte ag gardaí, múrtha cosanta ar bharr na gcnoc agus bábhúin chun ceataí thíos sa réidh. ²Ní miste á rá go raibh fearg air. Ghlaigh sé chuige taoisigh Mhóáb agus ceannairí Amón agus rialtóirí an chósta thiar. ³“Canánaigh sibhse,” ar seisean leo, “agus ba cheart go mbeadh aithne agaibh ar an gcine seo sna cnoic. Abraigí liom: Cén sórt iad? Cad iad na cathracha atá acu? An bhfuil arm mór acu? Nó cad is mó a thugann neart agus crógacht dóibh? ⁴Agus canathaobh gurbh iad seo an t-aon chine san iarthar nach dtiocfadh amach chugam?”

⁵Aichíór, taoiseach chlann Amón go léir, a thug freagra air. “A thiarna liom,” ar sé, “murar mhiste dom focal a rá, féadaimse an fhírinne a insint duit faoin gcine seo atá ag cur fúthu sna sléibhte i do chónagar. Ní bheidh focal bréige le cloisteáil ó bhéal do



shearbhónta. ⁶De phor na gCaidéach a shíolraíodar ar dtús, ⁷ach chuireadar fúthu sa Mheaspataím toisc nach rabhadar sásta leanúint de na déithe a d'adhradh a sinsir i dtír na gCaidéach. ⁸Chaitheadar uathu nósanna a n-aithreacha agus chuadar ag adhradh Dé na spéire, a rabhadar tar éis aithne a chur air. Ní ligfí cónaí mar a raibh na seandéithe á n-adhradh, agus is ansin a theitheadar go dtí an Mheaspataím, áit ar thugadar tamall maith ann. ⁹Ansin dúirt Dia leo aistriú arís ón áit ina rabhadar ag cur fúthu go dtí Canán, agus chuireadar fúthu ansin agus chruinníodar ór agus airgead agus tréada móra bó.

¹⁰Ach tháinig gorta géar tráth ar fud Chanán, agus dhruideadar leo síos go dtí an Éigipt. D'fhanadar ansin an fad a bhí bia ann dóibh, agus tháinig méadú mór orthu ann, i dtreo go mba chine thar comhaireamh sa deireadh iad.

¹¹“Tháinig an lá, áfach, gur iompaigh rí na hÉigipte ina gcoinne, agus bhíothas ag teacht i dtír orthu as sin amach. Cuireadh orthu sclábhaíocht i ndéantús brící, gan an dara rogha acu, agus bhíothas á mbrú síos chun bochtanais agus chun braighdeanais.

¹²Screadadar os ard chun an Dé a bhí acu, agus chuir seisean plánna ar an Éigipt uile nach raibh leigheas orthu. Níorbh ionadh ina dhiaidh san gur chuir muintir na hÉigipte chun bóthair as a radharc iad. ¹³D'ísligh Dia an Mhuir Rua go grinneall rompú, ¹⁴agus seo leo trí Shíonáí agus Cáidéis Bairneá, eisean á dtreorú agus treibheanna an fhásaigh á gcur as seilbh i ndiaidh a chéile acu. ¹⁵Chuireadar fúthu i dtír na nAmórach agus rinneadar sceanairt de mhuintir Heisbeon le neart airm. Ina dhiaidh sin, chuireadar an Iordáin díobh anoir, agus ghabhadar seilbh ar na cnoic theas ansiúd. ¹⁶Na Canánaigh agus na Pirizigh agus na Iabúsaigh agus muintir Sheicim agus na Giorgáisigh, na treibheanna a bhí ann rompu, ghlanadar as a slí iad, agus d'áitíodar féin sa tír ar feadh i bhfad.



¹⁷“An fad nach ndearnadar aon pheaca in aghaidh an Dé a bhí acu, bhí leo, mar Dia is ea é ar gráin leis an éagóir. ¹⁸Ach nuair a d’iompaíodar i leataobh ón mbóthar a bhí leagtha amach aigesean dóibh, bhí scéal eile ann. Cuireadh cath i ndiaidh catha orthu, agus maraíodh cuid mhór acu san ár agus tógadh cuid eile i mbraighdeanas go dtí tír iasachta. Níor fágadh de Theampall a nDé ach an dúshraith fuar, agus bhí a gcuid cathracha ar fad i seilbh a naimhde. ¹⁹Ach le tamall anuas tá siad tar éis iompú arís ar a nDia, agus tá siad tagtha ar ais ón deoraíocht agus ón scaipeadh agus tá seilbh acu arís ar Iarúsailéim, mar a bhfuil a dTeampall acu, agus gabháltais arís ar na cnoic acu, áit nach raibh duine beo tráth.

²⁰“Éist liom anois, a thiarna agus a shoilse. Abair go bhfuil dul amú ar an gcine seo, agus peaca á dhéanamh acu i gcoinne a nDé dá bharr; má aithnimidne go cruinn céard a chuirfeadh an laige seo orthu, níl le déanamh ach siúl suas isteach ina gcoinne agus tabhairt fúthu. ²¹Ach más rud é nach bhfuil aon choir ar an gcine seo glac mo chomhairle, a thiarna liom; fág ansin iad, mar ní fios duit nach mbeadh lámh chosanta tharstu ag an Tiarna agus dídean ón Dia sin acu. Má tá, beimidne inár gceap magaidh ag an tír uile.”

²²Ach níor thúisce an méid sin ráite ag Aichíór na d’éirigh monabhar agóide ón slua timpeall bhoth an cheannaire. Bhí caint i measc ardoifigeach Holofarnaes agus muintir an chósta agus muintir Mhóáb ar é a stolladh ó chéile. ²³“Níl aon eagla orainne roimh chlann Iosrael,” ar siad. “Dream gan éifeacht is ea iad, nach bhfuil de neart iontu fiú ord maith catha a chur orthu féin inár gcoinne. ²⁴Sea cheana, suas linn chucu! Le méid an airm seo atá agat, a Holofarnaes, a thaoisigh, ní bheidh iontu ach greim inár mbéal!”



Taidhleoir faoi Chuibhreacha

6D’fhan Holofarnaes, ardcheannaire airm na nAsáireach, gur stad an clampar seo ar fud an chruinnithe. Ansin thug sé d’Aichíór é os comhair na n-eachtrannach uile agus chlann Mhóáb. ²“Cé thusa, a Aichíór,” ar seisean, “thú féin agus do chuid amhas ó Amón, go mbeifeá ag tabhairt tairngreachtaí uait anseo an saghas ruda atá cloiste againn inniu? Ní ceart cogadh a chur ar Iosrael, an ea? Beidh a nDia ag fóirithint orthu, deir tú? ³Ach cén dia a chuirfeá i gcomórtas le Nabúcadnazar? Ní gá dó ach a neart a chur i bhfeidhm orthu chun iad a dhíothú de dhroim an domhain, agus ní shábhálfaidh a nDia iad. Sinne, seirbhísigh Nabúcadnazar, buailfidimid iad faoi mar nach mbeadh iontu ach fear aonarach amháin i gcoinne nirt ár gcapall. Ní bheidh seasamh iontu. ⁴Loiscfidimid ina mbeatha iad: cuirfidimid sléibhte na tíre ar meisce lena gcuid fola agus líonfaimid na machairí lena gcoirp. Ní bheidh seasamh a gcos acu romhainn: múchadh na gríosáí atá i ndán dóibh! An rí Nabúcadnazar, tiarna an domhain uile, a dúirt é, agus ní bhréagnófar a fhocal!

⁵“Agus tusa, a Aichíór, a tháinig anseo ó Amón ag tuilleamh do choda, is léanmhar duit an lá a scaoil tú an méid sin seafóide asat. Ní fheicfidh tú mo ghnúis-se as seo go dtí an lá a dhéanfaidh mé díoltas ar an ngraimisc teifeach seo ón Éigipt. ⁶Nuair a chuirfidh mé chucu, beidh claimhte mo chuid saighdiúirí agus sleánna mo ghardaí trí do dhá thaobh, agus tú tite i measc a ngoinfear d’Iosrael. ⁷Tabharfaidh mo ghiollaí suas sna sléibhte thú, agus cuirfidh siad thú i gceann de na bailte atá ar an tslí suas. ⁸Beidh an méid sin faoisimh agat ón mbás go dtí go ndíothófar thú in aon mhaidhm leo. ⁹Ach ar ndóigh,



tá dóchas i do chroíse nach ngabhfar iad; ní gá aon cheann faoi a bheith ort mar sin! Sea; tá raite agam! Ní bhréagnófar aon fhocal dá ndúirt mé.”

¹⁰ Agus d’ordaigh Holofarnaes do na giollaí a bhí thart timpeall air ina bhoth breith ar Aichíór agus é ardú leo go Béitiúilia agus é thabhairt do mhuintir Iosrael. ¹¹ Ghabh na giollaí é agus thógadar leo amach as an gcampa é. Ansan thugadar a gcúl don mhachaire agus a n-aghaidh ar na sléibhte, go dtángadar go dtí na toibreacha uisce atá laistíos de chathair Bhéitiúilia. ¹² Ní túisce a thug gardaí na cathrach thuas faoi deara iad ná rugadar ar a gcuid arm agus amach leo go dtí barr na fána agus gach fear orthu a raibh crann tabhail aige, bhí sé ag gabháil de chlocha síos orthu, i dtreo nár fhéadadar aon chor a thabhairt aníos. ¹³ D’fhanadar ar foscadh thíos ag bun an chnoic mar sin, fad a bhí cuibhreacha á gcur ar Aichíór acu. Ansan d’fhágadar caite ansin é, agus abhaile leo go dtí a máistir.

¹⁴ Ar ball, bhí muintir Iosrael anuas as an mbaile, agus nuair a tháingadar chomh fada leis, bhaineadar na cuibhreacha de. Suas leo go dtí Béitiúilia ansin agus thugadar os comhair mhaoir an bhaile é. ¹⁵ Uizíá mac Mhíceá de threibh Shimeon agus Chaibris mac Ghotoiníéil agus Chairmis mac Mheilcíéil na maoir a bhí ann an t-am san.

¹⁶ Chuireadarsan fios chun cruinnithe ar sheanáirí an bhaile, agus bhí an t-aos óg agus na mná chucu ar sodar chomh maith. Cuireadh Aichíór ina sheasamh i lár an tslua, agus cheistigh Uizíá é i dtaobh ar tharla. ¹⁷ D’inis sé dóibh a ndúradh i gcomhairle Holofarnaes, an méid a dúirt sé féin os comhair taoiseach na nAsaíreach, agus an bladhmán go léir a bhí ag Holofarnaes i dtaobh a ndéanfadh sé do mhuintir Iosrael. ¹⁸ Shléacht an slua go talamh in onóir do Dhia agus thógadar a nguthanna suas chuige. ¹⁹ “A Thiarna, Dia na



bhFlaitheas,” ar siad, “féach an mór is fiú atá ar siúl acu, agus déan trócaire ar ar gcine atá faoin mbráca. Táimid coisricthe duit, agus is chugat atá ár súile: féach orainn le taise inniu.” ²⁰Thugadar cuidiú carad d’Aichíór, agus ardmholadh. ²¹Thug Uizíá abhaile go dtí a theach féin é tar éis an chruinnithe agus chuir sé cóir dí ar na seanóirí ann ina theannta. Agus thugadar an oíche sin go léir ag iarraidh cabhrach ar Dhia Iosrael.

Sáinn Chogaidh

7 An lá ina dhiaidh sin, d’ordaigh Holofarnaes dá arm go léir agus do na cathláin iasachta a tháinig leo sa slógadh bogadh as an gcampa i dtreo Bhéitiúilia. An chéad rud a bhí le déanamh sa chogadh seo i gcoinne chlann Iosrael ná bheith rompu agus greim a fháil ar na conairí suas go dtí na sléibhte. ²Ghluaiseadar leo an lá céanna, gach fear san arm sin a raibh troid ann – céad seachtó míle acu ar a gcois agus dhá mhíle dhéag ar mhuintir capaill agus a gcuid trealamh ina ndiaidh agus an slua mór coisithe a lean é. ³Suas an gleann i gceantar Bhéitiúilia a chuardar, chomh fada le tobar atá ann, agus bhíodar leata amach ó Dhótán go Bealbáim, agus ag síneadh ó Bhéitiúilia siar go dtí Cúamón atá ag féachaint síos amach ar Easdraelón.

⁴Thit an lug ar an lag ar mhuintir Iosrael nuair a chonaiceadar a raibh ann díobh. Bhí gach duine acu ag rá leis an bhfear in aice leis: “Bánóidh siad seo an tír fúthu agus uathu! Na sléibhte arda agus na cumair agus na cnoic conas a sheasfaidh siad faoina bhfuil ag brú anuas orthu?” ⁵Thógadar chucu a gcuid arm agus lasadar tinte ar na túir agus thugadar an oíche sin ar fad ag faire. ⁶An lá ina dhiaidh sin thug Holofarnaes a chuid



marcach ar fad amach os comhair na nIosraelach a bhí i mBéitiúilia. ⁷Scrúdaigh sé na bealaí suas isteach don bhaile, chuaigh timpeall na dtoibreacha uisce agus ghabh seilbh orthu. D'fhág sé garda ina dhiaidh ar gach tobar acu, agus d'fhill sé ar an slua.

⁸Ar ball, bhí chuige taoisigh chlann Éasáu, agus oifigigh uile chathláin Mhóáb agus ceannairí an chósta thiar. ⁹“A thiarna linn,” ar siad, “más é do thoil é, éist le focal uainn, agus ní baol aon bhriseadh ar d’arm. ¹⁰Ní ar neart a gcuid sleánna atá an mhuintir seo Iosrael ag brath ach ar bheanna arda na gcnoc ina bhfuil siad ina gcónaí. Mar ní aon dóichín le dreapadh iad na beanna céanna. ¹¹Anois, a thiarna, seachain nach cath riartha a chuireann tú orthu. Ní gá go dtitfeadh oiread agus fear amháin de do shlua; ¹²fan i do champa anseo agus coinnigh do chuid saighdiúirí slán – gach fear acu. Faighimisne, do ghiollaí, greim ar an bhfuarán uisce atá ag brúchtaíl amach ag bun an chnoic: ¹³as san a fhaigheann pobal Bhéitiúilia uile a gcuid uisce. Cloífidh an tart iad agus géillfidh siad an baile. Rachaimidne agus ár gcuid fear in airde ar bheanna na gcnoc is giorra dóibh agus fanfaimid faoi airm ann ag faire. Mar sin, ní fhéadfaidh duine acu éalú as an mbaile, ¹⁴agus caillfear leis an ocras iad, agus a gcuid ban agus páistí ina dteannta. Sínfear marbh iad sa tsráid ina gcónaíonn siad, gan aon chlaíomh a theacht ina dtreo. ¹⁵Bainfidh tú díoltas dian amach orthu thar ceann an dúshláin a thugadar duit, in ionad teacht chugat go síochánta.”

¹⁶Thaitin an chaint seo le Holofarnaes agus lena raibh timpeall air, agus d’ordaigh sé go ndéanfaí mar a bhí ráite acu. ¹⁷Ghluais buíon de mhuintir [Mhóáb] chun cinn agus cúig mhíle de shaighdiúirí Asaíreacha ina dteannta. Suas isteach sa ghleann leo agus ghabhadar na srutháin agus na fuaráin uisce a bhíodh á n-usáid ag muintir Iosrael. ¹⁸Ag



an am céanna ghluais cuid de mhuintir Éasáu agus Amón agus rinneadar a gcampa thuas sna sléibhte os comhair Dhótán. As sin chuireadar roinnt dá gcuid fear soir ó dheas os comhair Eicribil atá in aice le Chús ar bhruach abhann Mochmúr. Rinne an chuid eile d’arm na nAsáireach campa sa mhachaire, lán an mhachaire acu – aon lear de bhothanna agus de threalamh, agus slua mór groí acu féin.

¹⁹Ghlaoigh clann Iosrael os ard ar an Tiarna, a nDia, agus an misneach ag teipeadh orthu, mar bhí a naimhde go léir mórthimpeall orthu anois, agus gan deis éalaithe fágtha acu. ²⁰Ar feadh ceithre lá tríochad d’fhan arm mór na hAsáire timpeall orthu – coisithe agus carbaid agus capaill. Chuaigh na prócaí uisce go léir i ndisc ar mhuintir Bhéitiúilia uile; ²¹agus na sistéil faoi thalamh féin, níorbh fhada go mbeidís folamh. Ní raibh a saíth le hól acu aon lá anois, mar ní thugtaí ach an áirithe sin uisce amach do gach duine. ²²Bhí a gcuid leanaí ag cnaí, agus a gcuid ban agus ógánach ag dul i laige le teann tarta. Thitidís agus iad ag gabháil sráideanna an bhaile nó ag dul amach na geataí, gan aon neart fágtha iontu a thuilleadh.

²³Tháinig muintir an bhaile go léir timpeall ar Uizíá agus na maoir eile – an t-aos óg agus na mná agus na leanaí féin, agus míle murdar astu ansin os comhair na seanóirí go léir. ²⁴“Mhaise, go maithe Dia daoibh é,” ar siad, “nach ndéanfadh sibh síocháin leis na hAsáirigh, in ionad an donas a thabhairt anuas orainn!” ²⁵Nach bhfeiceann sibh nach bhfuil aon chabhair fágtha againn agus nach bhfuil Dia féin dár gcosaint anois: táimid caite chucu aige, agus gan i ndán dúinn ach an tart is an t-angar go mbeimid sínte marbh os a gcomhair. ²⁶Féach, glaoigí isteach anois láithreach iad agus tugaigí an baile go léir mar chreach do mhuintir Holofarnaes agus dá arm! ²⁷Sclábhaíocht a bheadh i ndán dúinn, ach



b'fhearr titim chucu mar chreach agus bheith beo ná bheith ag féachaint ar ár gclann ag fáil bháis lenár súile cinn, agus ár gcuid ban is naíonán i ndeireadh na dé. ²⁸Mura ndéantar seo inniu, tá an spéir agus an talamh á nglaoch againn mar fhínnéithe in bhur n-aghaidh – tá, agus Dia féin, tiarna ár sinsear, atá ag agairt ár bpeacaí agus peacaí ár n-aithreacha orainn.” ²⁹Agus scairt an cruinniú sin amach le chéile, ag olagón in ard a gcinn, agus gach béic astu chun an Tiarna Dia.

³⁰Labhair Uizíá leo. “Misneach, a dhaoine!” ar seisean. “Féach: fanfaimid cúig lá eile agus beidh an Tiarna, ár nDia, chugainn lena chineáltas. Ní chaithfidh sé uaidh ar fad sinn, cinnte. ³¹Ach mura mbíonn aon chabhair chugainn i gceann na gcúig lá sin, déanfaidh mé mar a dúirt sibh.” ³²Agus scaoil sé uaidh na daoine, gach duine acu chun a áite féin. Chuaigh na fir in airde ar na múrtha agus na túir, agus chuireadar abhaile chun a dtithe a gcuid ban agus leanaí. Agus is iad a bhí in umar na haimiléise sa bhaile sin.

Bean Lán de Stuaim

8 Bhí bean darbh ainm Iúidit, agus ní gan fhios di a tharla eachtraí na haimsire sin. Maráraí ab ainm dá hathair – Maráraí mac Ócs, mac Iósaef, mac Uizíéil, mac Eilcíá, mac Anainias, mac Ghideon, mac Rofaím, mac Aichítíúb, mac Eilíá, mac Cheilcís, mac Eilíáb, mac Natanael, mac Shalaimíéil, mac Sharasadaí, mac Iosrael. ²Bhí sí pósta le Manaise, fear dá treibh agus dá muintir féin, ach cailleadh é i bhfómhar na heorna. ³Is amhlaidh a bhí sé amuigh sa ghort ag déanamh maoirseachta ar cheangal na bpunann, agus ghoin an brothall a cheann. Thug sé an leaba air féin agus níor tháinig sé aisti beo. I



mBéitiúilia, a bhaile dúchais, a cailleadh é, agus i reilig a shinsear, idir Dótán agus Balamón, a cuireadh é.

⁴Trí bliana agus ceithre mhí roimhe seo a tharla sin, agus an fad sin, saol na baintrí a bhí á chaitheamh ag Iúidit sa bhaile ina teach féin. ⁵Bhí seomra breise tógtha aici ar dhíon an tí di féin. Chaitheadh sí sacéadach faoina coim, agus éide bhaintrí thairis. ⁶D’fhan sí ar troscadh ó cailleadh a fear, ach amháin lá na sabóide agus an lá roimhe, féile na nuaghealaí agus an lá roimpi sin, agus laethanta deabhóide nó gairdis a chomóradh náisiún Iosrael le chéile. ⁷B’álainn an bhean ina pearsa í, bean a thógfadh do shúil. Chomh maith, bhí aici fós an méid a d’fhág a fear, Manaise, aici – ór agus airgead, buachaillí agus cailíní aimsire, ba agus talamh. ⁸Agus bhí an dea-theist uirthi i mbéal gach aon duine, mar fíoruamhan Dé ba stiúir bheatha dhi.

⁹Chuala Iúidit i dtaobh ar tharla – an ganntanas uisce agus an lagmhisneach a thug ar mhuintir an bhaile labhairt mar sin go searbh leis an maor, agus an freagra a thug Uizíá orthu, gur gheall sé dóibh faoi bhrí na mionn go dtabharfadh sé an baile suas do na hAsáirigh i gceann cúig lá. ¹⁰Chuir sí an seirbhíseach mná a bhí i bhfeighil a cuid gnóthaí aici ag triall ar Uizíá agus Chaibris agus Chairmis, ag iarraidh orthu teacht chuici. ¹¹“Éistigí, sibhse atá os cionn phobal Bhéitiúilia,” ar sise leo nuair a bhíodar tagtha. “Ba lag an mhaise daoibh a ndúirt sibh leis an bpobal inniu, agus an margadh sin a rinne sibh le Dia gur gheall sibh an baile a thabhairt suas dár naimhde mura dtiocfadh an Tiarna i gcabhair arís orainn laistigh den áirithe sin laethanta. ¹²Cé sibhse, an dóigh libh, agus a rá gur thug sibh dúshlán Dé mar sin inniu, agus go bhfuil sibh do bhur gcur féin in airde os a chionn agus clann an duine ag féachaint oraibh? ¹³Ag cur trialach ar an Tiarna



uilechumhachtach atá sibh; ach beidh sibh aineolach go deo. ¹⁴Ní éireoidh libh doimhneas croí an duine a thomhas, ná breith a thabhairt ar na smaointe atá ina cheann; conas mar sin a thiocfaidh sibh suas leis an Dia a rinne na rudaí seo go léir, nó eolas a chur ar a aigne, nó a mhachnamh a thuiscint? Faire, faire, a dheartháireacha: ná bígí ag cur feirge ar an Tiarna bhur nDia! ¹⁵Tharlódh nár thoil leis teacht i gcabhair orainn laistigh de na cúig laethanta, ach tá ar a chumas aige sinn a chumhdach aon fhad laethanta is maith leis, nó, chomh maith, sinn a dhíothú os comhair ár naimhde. ¹⁶Ach ná bígíse ag tabhairt bannaí ar rúin ár nDé, mar ní féidir cur ar Dhia mar a chuirfeá ar dhuine, ná rud a leagan amach dó mar a dhéanfá le mac an duine. ¹⁷Fanaimis mar sin le slánú uaidh, agus iarraimis air cabhrú linn; tabharfaidh sé aird ar ár nguth, más toil leis é. ¹⁸Tar éis an tsaoil, lenár linn-ne agus inniu féin, níl aon treibh ná teaghlach ná sráidbhaile ná cathair dár gcuidne a chuaigh ag adhradh déithe de dhéantús daoine. ¹⁹Dhéantaí a leithéid sin fadó, agus sin a thug an claíomh agus an chreach ar ár sinsir, agus a thug anuas chun raice roimh a naimhde iad. ²⁰Ach ní aithnímidne aon dia ach eisean; nach dtugann sin dóchas dúinn nach súil dhúnta a thabharfaidh sé orainn ná ar aon duine dár gcine?

²¹“Agus rud eile: má ghabhtar sinne, tiocfaidh an scrios céanna ar Iúdáia uile, agus slad ar an Teampall naofa. Sinne a chaithfidh freagairt [lenár bhfuil] as an truailliú sin. ²²Bíodh go mbeimid inár sclábhaithe in áit éigin i gcéin i measc na nginte, orainn a éileoidh Dia éiric ár mbráithre a bheidh marbh, agus ár dtíre a bheidh faoi chois, agus ár n-oidhreachta a bheidh bánaithe. Nuis agus náire a fheicfidh ár máistrí ionainn. ²³Ní aon dea-mhéin a thuillfidh ár sclábhaocht dúinn mar sin ach an aithis. Sin mar a réiteoidh an Tiarna, ár nDia, é.



²⁴“Anois, a dheartháireacha liom, tugaimis dea-shampla don chuid eile, mar is orainne a bhraitheann a mbeo – sea, agus an Teampall naofa, idir áras agus altóir, chomh maith leo. ²⁵Ar shlí, cuis chun bheith buíoch don Tiarna, ár nDia, is ea ár gcás. Táimid faoi thriail aige anois. Ach nár chuir sé triail ar ár n-aithreacha chomh maith? ²⁶Cuimhnigí ar a ndearna sé d’Abrahám agus na trialacha a chuir sé ar Íosác, agus ar tharla do Iacób i Measpatáim na Síre agus é i bhfeighil caorach a uncail, Lábán. ²⁷Dílse a gcroí a bhí á promhadh aige agus an céasadh sin á chur orthu aige. Mar sin linne: ní díoltas an cruatan seo atá á chur orainn ag an Tiarna, ach ceacht á mhuineadh aige do mhuintir a pháirte.”

²⁸Uizíá a d’fhreagair í. “As dea-chroí amach a tháinig gach focal dá bhfuil ráite agat,” ar seisean. “Ní fhéadfadh aon duine é a bhréagnú. ²⁹Ná ní inniu a tháinig an chiall amach ionat; riamh ó laethanta d’óige d’aithníodh an pobal ar fad an tuiscint a bhí agat, agus an croí geal ina theannta. ³⁰Ach bhí na daoine spallta leis an tart, an dtuigeann tú, agus chuireadar iallach orainn déanamh mar a bhí ráite againn leo, fiú, mionn a thabhairt, mionn nach bhféadfaimid dul siar air anois. ³¹Guigh ar ár son, ó tá an chráifeacht ionat. Tá seans go gcuirfidh an Tiarna tuile bháistí chugainn a líonfaidh na sistéil dúinn agus go mbeidh deireadh lenár laigíocht.”

³²“Éistigí liom anois,” arsa Iúidit leo. “Táimse chun gníomh a dhéanamh a bheidh á insint d’aos óg ár gcine ó ghluin go glúin. ³³Bígíse ag an ngeata anocht. Rachadsa amach agus mo bhanseirbhíseach le mo chois. Ghlac sibhse rún an baile a ghéilleadh dár naimhde tar éis an áirithe sin laethanta; ní bheidh na laethanta sin istigh nuair a dhéanfaidh an Tiarna beart d’Iosrael tríomsa. ³⁴Ná fiafraígí díom cad táim chun a dhéanamh; ní inseoidh mé daoibh cad tá ar siúl agam go dtí go mbeidh sé déanta.” ³⁵“Seo



leat faoi shíocháin,” arsa Uizíá agus maoir an bhaile léi, “agus go soirbhí an Tiarna Dia duit an scéim díoltais seo ar ár naimhde.”³⁶ Ní dúradh a thuilleadh. D’fhágadar an seomra agus abhaile leo go dtí a ngnóthaí féin.

Paidir Bhanghaiscígh

9 Ansin bhain Iúidit di anuas go dtí an sacéadach a bhí uimpi, chuir luaithreach ar a ceann, agus shín í féin béal fúithi ar an talamh. An t-am sin díreach de thráthnóna a bhí an íobairt túise á hofráil os comhair sanctóra Dé in Iarúsailéim, agus d’éigh Iúidit amach in ard a cinn chun an Tiarna:

²“A Thiarna, a Dhia Shimeon mo dhuine sinsir, fadó chuir ginte masla agus náire agus aithis ar mhaighdean. Scaoil siad a crios agus nocht a ceathrúna agus d’éignigh a broinn. Ach chuir tusa claíomh i láimh Shimeon chun díoltais orthu. Bhí tú tar éis a rá: ‘Ná déantar seo,’³ agus féach go ndearnadar é. Mar gheall air sin thug tú a gcuid taoiseach suas d’eirleach, agus d’ordaigh tú díol fola ar an leaba a raibh smál a gcuid fill uirthi, agus threascair tú idir íseal is uasal díobh, fiú an t-uasal ar a chathaoir ríoga.⁴ D’ordaigh tú a gcuid ban a dhul mar chreach, agus a gcuid iníonacha mar sclábhaithe, agus a gcuid maoinne uile a roinnt ar chine do pháirte, an mhuintir ar dhíograis dóibh do chúis agus ar ghráin leo an aithis sin ar a sliocht, agus gur chugat a ghlaodar ag iarraidh cabhrach.

“A Dhia, a Dhia liom, éist liomsa leis, ar baintreach mé.⁵ Tusa faoi deara seo go léir, agus ar tháinig roimhe agus a dtiocfaidh as: tusa a cheap gach a bhfuil ann anois agus gach a dtiocfaidh. Na rudaí a mheabhraigh tusa, tharla siad;⁶ na rudaí ba mhian leat,



bhíodar chugat agus ‘Féach! táimid anseo,’ ina mbéal acu. An bóthar a ghabhann tú, bíonn sé ceaptha roimh ré; bíonn súil romhat agus breith á tabhairt agat.

⁷“Féach na hAsaíriugh seo i mbarr a mustair – iad ag maíomh as a bhfuil de chapail agus de mharcaigh acu, agus ag déanamh mórtais as neart a gcoisithe. An sciath is an tsleá is an bogha is an crann tabhail is ábhar muiníne dóibh, mar tá siad dall air seo – gur tusa an Tiarna a chuireann cogai faoi do chois. ⁸An Tiarna is ainm duit!

“Cloíghse an neart sin acu le do chumhacht: glac fearg agus bris a gcuid fórsaí. Mar tá sé de rún acu do thearmann naofa a shárú agus an taibearnacal mar a lonnaíonn d’ainm glórmhar a thruailliú, agus maise d’altóra a threascairt leis an glaíomh. ⁹Féach an sotal seo acu agus tar sa mhullach anuas orthu le d’fhearg. Neartaigh lámh na baintrí seo don ghníomh atá beartaithe agam. ¹⁰Trí chluain mo bheol, tabhair bascadh ar an sclábhaí i dteannta an duine uasail acu, ar an duine uasal i dteannta a gharda. Cloígh an t-éirí in airde seo acu le tréithláimh mná. ¹¹Ní ionann do neartsa agus neart na sluaite; ní cumas gaiscíoch do chumas-sa. Ní hea – tusa Dia na mbochtán, agus cosantóir a bhfuil faoin mbráca, agus taca na lag; is tú tearmann a bhfágtar gan chabhair agus slánaitheoir a mbíonn gan dóchas.

¹²“Ó a Dhia, a Dhia mo shinsir, a Dhia a bhí riamh ag Iosrael, a Thiarna neimhe agus talún, a chruthaigh na huiscí fadó, a Rí na cruinne uile, éist le mo ghuí. ¹³Cuir i mo bhéal an focal mealltach a bheidh mar chneá is mar ghoin orthu seo, a bhfuil díol dian beartaithe acu i gcoinne do chonartha agus d’árais naofa agus cnoic Shíón agus an tí atá ag do chlann. ¹⁴Sa tslí sin, léirigh do do mhuintir uile agus do gach cine ar domhan gur



tusa Dia; gur leat gach cumhacht is cumas, agus gur tú amháin is dídean do phobal Iosrael.”

Téann Iúidit go Campa Holofarnaes

10Nuair a scoir Iúidit dá glao chun Dé Iosrael agus go raibh deireadh aici leis na focail sin go léir, ²d'éirigh sí ón áit ina raibh sí ina luí, ghlaoigh ar a hionailt agus d'imigh síos chun an tí ina gcaitheadh sí na laethanta sabóide agus na féilte. ³Bhain sí di an t-éadach róin a bhí á chaitheamh aici agus a feisteas baintrí; nigh a corp go léir le huisce, agus d'ung í féin le cumhráin luachmhara, chíor a cuid gruaige, chuir a ceannbheart ar a ceann, agus ghléas í féin san fheisteas ba lúcháirí a bhí aici, an feisteas a chaitheadh sí nuair a bhí a céile Manaise beo. ⁴Chuir sí uirthi a cuaráin, a muincí agus braisléid, a fáinní méar agus cluas, agus a hornáidí go léir; mhaisigh sí í féin le barr scéimhe le go meallfadh sí croí gach fir a leagfadh súil uirthi. (Agus bhronn an Tiarna maise bhreise uirthi, ós rud é nach ó mhacnas ach ó shuáilce a tháinig an maisiú seo go léir). ⁵Thug sí seithe fíona agus buidéal ola dá hionailt; líon sí mála le heorna rósta agus le ciste de thorthaí tíortha agus le harán mín; rinne sí na gréithe sin go léir a cheangal ina mbeartán agus thug dá hionailt iad le hiompar.

⁶D'imíodar leo amach go geata bhaile Bhéitiúilia, agus fuaireadar Uizía ansiúd ina sheasamh mar aon le seanóirí an bhaile, Chaibris agus Chairmis. ⁷Nuair a chonaiceadar í agus í ar malairt dreach agus i malairt feistis, rinneadar ardionadh dá scéimh, agus dúradar léi: ⁸“Go raibh gnaoi Dhia ár sinsear ort agus go gcomhlíona sé do phleananna



chun glóir chlann Iosrael agus do mhóradh Iarúsailéim.”⁹ D’umhlaigh sí do Dhia agus dúirt leo: “Ordaigí geata an bhaile a oscailt dom le go rachainn amach agus go gcuirfinn i gcrích a bhfuil ráite agaibh fúm.” D’ordaíodar do na hógfhir oscailt di mar a dúirt sí.

¹⁰Nuair a bhí déanta amhlaidh acu, ghabh Iúidit amach agus a hionailt lena cois; d’fhair fir an bhaile í nó gur ghabh sí an cnoc síos agus go ndeachaigh sí trasna an ghleanna agus gur imigh sí as a radharc.

¹¹Ag gabháil tríd an ngleann dóibh faoi dheifir, bhuaíl patról Asaíreach léi, ¹²agus ghabh siad Iúidit agus d’fhiafraigh di: “Cér díobh thú? Cá has a bhfuil tú ag teacht? agus cá bhfuil tú ag dul?” D’fhreagair sí: “Duine d’iníonacha na nEabhrach mé, agus táim ag teitheadh uathu, mar go bhfuil siad ar tí titim in bhur gcraos le halpadh. ¹³Táim ag dul i láthair Holofarnaes, ceannaire bhur n-airm, chun tuairisc fhírinneach a thabhairt dó; agus taispeánfaidh mé conair dó trínar féidir leis dul agus na hardáin go léir a ghabháil gan fear leis a ghabháil ná a chailliúint.” ¹⁴D’éist na fir leis na focail sin uaithi agus iad ag stánadh ar a haghaidh, mar dhealraigh sí álainn thar na bearta dóibh; agus dúirt siad léi: ¹⁵“Rug tú do bheo leat nuair a bhrostaigh tú anuas i láthair ár dtiarna; téigh gan mhoill chun a bhotha; déanfaidh cuid againn thú a thionlacan agus a thabhairt ar láimh dó. ¹⁶Agus ag seasamh duit os a chomhair, ná bíodh eagla chroí ort, ach inis dó díreach mar atá ráite agat, agus cuirfidh sé cóir mhaith ort.”

¹⁷Thogh siad céad fear as a líon le hí féin agus a hionailt a thionlacan, agus thug siad iad go puball Holofarnaes. ¹⁸Bhí an-scleondar sa longfort mar leath sé ó bhoth go both go raibh sí tagtha; agus tháinig slua ina timpeall agus í ag feitheamh lasmuigh de bhoth Holofarnaes, fad bhíothas á insint dó ina taobh. ¹⁹Rinneadar ardionadh dá háille, agus



ionadh de chlann Iosrael dá barr; agus dúirt gach duine lena chomharsa: “Cé a d’fhéadfadh drochmheas a bheith aige ar phobal mar seo, a bhfuil mná mar seo ina measc? Ambasa gur fearr gan fear díobh a fhágáil beo, mar má scaoilimid leo beidh ar a gcumas an saol go léir a mhealladh.”

²⁰Ansin tháinig Holofarnaes agus a chompánaigh agus a ghiollaí amach agus thug isteach sa bhoth í. ²¹Bhí Holofarnaes ag ligean a scíth ar a leaba faoi cheannbhrat fite de chorcra agus d’ór agus de smaragaid agus de chlocha lómhara. ²²Nuair a d’insíodar a scéala dó tháinig sé ar aghaidh go béal na botha agus lampaí airgid á n-iompar roimhe. ²³Nuair a tháinig Iúidit ina láthair agus i láthair a ghiollaí, rinne siad go léir ionadh de scéimh a ceannaithe; chrom sise síos go talamh in ómós dó, agus rinne a dhaoráin í a chur ina seasamh.

Buaileann Iúidit Leis

1 Ansin dúirt Holofarnaes léi: “Bíodh misneach agat a bhean agus ná bíodh eagla chroí ort, mar ní dhearna mé dochar riamh d’aon duine a chuir roimhe géilleadh do Nabúcadnazar, rí an domhain go léir. ²Agus anois féin mura mbeadh gur mhaslaigh do mhuintir, a bhfuil cónaí orthu sna hardáin, mé ní thógfainn an tsleá ina n-aghaidh; ach iad féin a thug é seo go léir sa mhullach orthu féin. ³Inis domsa anois, más ea, cén fáth ar theith tú uathu agus ar tháinig tú chugainne, óir tá tú ar láimh shábháilte. ⁴Bíodh misneach agat; cuirfidh tú an oíche dhíot slán sábháilte, agus beidh tú amhlaidh as seo amach. Ní chuirfidh aon duine isteach ort, ní dhéanfaidh sin, ach caithfidh cách go maith



leat mar a dhéanann siad le searbhóntaí mo thiarna Nabúcadnazar rí.”⁵ D’fhreagair Iúdit: “Tabhair cluas do bhriathra do dhaoirsí, agus labhróidh d’ionailt i do láthair; ní inseoidh mé aon éitheach do mo thiarna anocht.”⁶ Má dhéanann tú de réir mar a deir d’ionailt, tabharfaidh Dia do shaothar chun dea-chríche; agus rithfidh le mo thiarna a chuspóirí a chur i gcrích.⁷ Fad saoil do Nabúcadnazar, rí an domhain uile, an té a sheol thú le gach duine beo a threorú; go maire a fhlaithreas. Ní hiad an cine daonna amháin a dhéanann seirbhís dó tríotsa, ach ainmhithe an mhachaire, an t-eallach agus na héin – mairfidh siad faoi scáth Nabúcadnazar agus a theaghlaigh go léir trí do chumhachta.⁸ Óir chualamar trácht ar d’eagna agus ar d’éirim, agus tá sé i mbéal an uile dhuine nach bhfuil do leithéid le fáil san impireacht ar fad le cumas agus le taithí agus le barr clisteachta ag fearadh cogaidh.⁹ Chualamar freisin na nithe úd a dúirt Aichíór in bhur gcomhairle; rinne muintir Bhéitiúilia anacal anama air agus d’inis sé dóibh gach a ndúirt sé leatsa.¹⁰ Anois más ea, a thiarna agus a mháistir, ná déan faillí ina ndúirt sé, ach taiscigh i do chroí é, mar is fíor é; ní féidir ár gcine a phionósú, ná níl cumhacht ag an gclaíomh ina n-aghaidh, mura bpeacaíonn siad in aghaidh a nDé.¹¹ Ach anois, i dtreo nár bhaol do mo thiarna go mbrisfí air agus go dteipfeadh air, tá an bás i ndán dóibh, óir tá peaca tagtha sa mhullach orthu, peaca trína gcuirfidh siad fearg ar a nDia, gach uair a dhéanfaidh siad é.¹² Tá easpa bia orthu agus tá a gcuid uisce go léir imithe i ndísc, agus bheartaigh siad a n-eallach a mharú, agus chinn siad feidhm a bhaint as na nithe úd go léir a choisic Dia orthu lena dhlíthe a ithe.¹³ Ní hé amháin go bhfuil sé socair acu céadtorthaí an arbhair agus deachúna an fhíona agus na hola a chaitheamh, cé go bhfuil siadsan coisricthe agus tíolactha do na sagairt a dhéanann freastal i láthair ár nDé in Iarúsailéim, agus ní



cheadmhach don phobal fiú baint leis na nithe sin lena lámha. ¹⁴Sheol siad teachtairí go Iarúsailéim – tá an rud céanna ar siúl ag an muintir ansiúd – le cead a thabhairt ar ais chucu ón seanad. ¹⁵Mar seo a bheidh: nuair a gheobhaidh siad scéala agus go ndéanfaidh siad dá réir, an lá ceannann céanna sin, tabharfar suas duitse iad le scrios. ¹⁶Nuair a fuair mise, do dhaoirseach, an méid sin go léir amach, theith mé uathu. Agus chuir Dia mé le nithe a bhainfidh creathadh as an domhan go léir, de réir mar a chloisfidh siad fúthu, a chur i gcric i do theannta. ¹⁷Bean dheabhóideach is ea do dhaoirseach, agus déanann sí freastal ar Dhia na bhFlaitheas de lá agus oíche. Fanfaidh mé farat dá bhrí sin, a thiarna; rachaidh do dhaoirseach amach faoin ngleann gach oíche agus guífidh mé chun Dé agus déarfaidh sé liom cathain a bheidh peaca déanta acu. ¹⁸Ansin tiocfaidh mé agus inseoidh mé duit é agus gluaisfidh tú amach le do shlua go léir agus ní sheasóidh aon duine díobh an fód i d'aghaidh. ¹⁹Ansin déanfaidh mé thú a threorú trí cheartlár Iúdáia nó go sroichfidh tú Iarúsailéim; agus cuirfidh mé do ríchathaoir ansiúd ina lár; agus déanfaidh tú iad a threorú mar dhéanfa caoirigh gan aoire; agus ní leomhfaidh fiú madra scamh a thabhairt i d'aghaidh. Fuaireas an méid sin amach trí réamheolas; fógraíodh domsa é agus seoladh mé le hé a insint duit.”

²⁰Thaitin a cuid cainte le Holofarnaes agus lena ghiollaí go léir, agus rinne siad ionadh dá heagna á rá: ²¹“Níl a leithéid de bhean ó cheann ceann na cruinne, ar áille snó ná ar eagna briathar!” ²²Dúirt Holofarnaes léi: “Is maith a rinne Dia é, tú a chur ar aghaidh roimh do phobal lenár lámha a neartú agus le scrios a thabhairt orthu siúd a thug masla do mo thiarna.



²³“Ní amháin go bhfuil tú sciamhach snó, ach eagnaí briathar freisin; má dhéanann tú mar atá ráite agat, beidh do Dhia mar Dhia agamsa, agus cuirfidh tú fút i bpálás Nabúcadnazar rí, agus beidh cáil ort ar fud na cruinne go léir.”

12 Ansin thug sé faoi deara í a bhreith isteach mar a raibh a ghréithe airgid féin leagtha, agus d’ordaigh dóibh cóir a chur uirthi óna bhia féin, agus óna chuid fíona féin. ² Ach dúirt Iúdit: “Ní íosfainn é seo le heagla go mba choir dom é; is leor liom na nithe a thug mé liom.” ³ Dúirt Holofarnaes: “Má ídítear do lón, cá bhféadfaimid a thuilleadh mar é a fháil le tabhairt duit? Níl aon duine de do chine anseo farainn.”

⁴ D’fhreagair Iúdit: “Dar m’anam agus dar mo shláinte, a thiarna liom, ní bheidh a bhfuil de lón agam caite ag do dhaoirseach, nó go mbeidh a chuspóir curtha i gcrích ag an Tiarna trí mo láimhse.”

⁵ Ansin thug giollaí Holofarnaes isteach sa bhoth í agus chodail sí go meán oíche. I dtreo faire na maidine d’éirigh sí, ⁶ agus chuir sí teachtaire go Holofarnaes á rá: “Ordaíodh mo thiarna anois cead a thabhairt dá dhaoirseach dul amach agus guí.” ⁷ Agus thug Holofarnaes ordú dá bhuíon chosanta gan cosc a chur léi. D’fhan sí sa longfort trí lá agus théadh sí amach gach oíche go Gleann Bhéitiúilia, agus dhéanadh í féin a ní sa tobar (sa champa). ⁸ Ag teacht aníos di, ghuíodh sí chun Tiarna Dia Iosrael lena stiúradh ar an mbealach lena pobal a fhuascailt. ⁹ D’fhilleadh sí arna híonghlánadh agus d’fhanadh sí sa bhoth nó go gcaitheadh sí a cuid i dtreo an tráthnóna.



Fleá Holofarnaes

¹⁰Ar an gceathrú lá bhí fleá ag Holofarnaes dá ghiollaí féin amháin, gan aon chuireadh a thabhairt d’aon duine dá fheidhmeannaigh. ¹¹Dúirt sé le Bagóas, an coillteán a bhí i bhfeighil a ghnóthaí pearsanta go léir: “Imigh anois agus áitigh ar an Eabhraíoch atá faoi do chúram teacht agus bia agus deoch a chaitheamh farainn. ¹²Ba náire agus ba aithis é dá ligfimis do bhean dá leithéid imeacht gan caidreamh a bheith againn léi; mura meallfaimid í, déanfaidh sí fonóid fúinn.” ¹³Ghabh Bagóas amach dá bhrí sin ó láthair Holofarnaes agus chuaigh ag triall ar Iúidit agus dúirt: “Ar mhiste leis an ionailt sciamhach seo teacht chun mo thiarna agus onóir a fháil ina láthair, agus fíon a ól agus scléip a bheith aici inár gcuideachta, agus í féin a iompar inniu mar bhean choimhdeachta de chuid na nAsáreach i bpálás Nabúcadnazar.” ¹⁴D’fhreagair Iúidit: “Cé hí mise a rá is go ndiúltóinn mo thiarna? Déanfaidh mé gan mhoill, ar ndóigh, cibé ní is áil leis, agus beidh sin mar lúcháir agam go dtí lá mo bháis.”

¹⁵D’éirigh sí dá bhrí sin, agus ghléas sí í féin le barr maise banúla; ghabh a hionailt roimpi amach agus leath os comhair Holofarnaes na seithí boga a fuair sí ó Bhagóas dá gnáthúsáid le go luífeadh sí orthu agus í ag caitheamh bia. ¹⁶Ansin tháinig Iúidit isteach agus luigh síos. Chuir sí draíocht ar chroí Holofarnaes agus suaitheadh ó bhonn é, agus tháinig fonn tréan air luí léi; ón gcéad lá a leag sé súil uirthi, bhí sé ag faire na faille chun cluain a chur uirthi. ¹⁷“Caith siar é,” arsa Holofarnaes léi, “agus bíodh scléip agat farainn!” ¹⁸Dúirt Iúidit leis: “Déanfaidh mé agus fáilte, a thiarna,” ar sise, “mar sháraigh an saol atá agam inniu ar aon lá ó rugadh mé.” ¹⁹Ansin thóg sí a raibh ullamh ag a



hionailt di agus chaith sí bia agus deoch ina láthair.²⁰ Chuir sí áthas croí ar Holofarnaes, agus d’ól sé a lán fíona, i bhfad níos mó ná mar a d’ól sé aon lá riamh ó rugadh é.

Bás Holofarnaes

13 Nuair a chuaigh sé i ndéanaí, bhrostaigh a ghiollaí leo, agus d’iaigh Bagóas an bhoth ó lasmuigh, agus chuir ar shiúl ó láthair a thiarna an mhuintir a bhí timpeall air; chuardar a chodladh mar bhí tuirse orthu go léir tar éis an charbhais a bhí chomh fada sin.² Fágadh Iúidit ina haonar sa bhoth, agus Holofarnaes sínte ar a leaba agus é ar deargmheisce le fíon.³ Dúirt Iúidit lena hionailt fanacht lasmuigh den seomra leapa agus feitheamh nó go dtiocfadh sí amach mar a rinne gach lá; mar a dúirt sí go mbeadh sí ag dul amach le guí a dhéanamh. Bhí an rud céanna ráite aici le Bagóas.⁴ D’imigh gach duine amach dá bhrí sin, agus níor fágadh aon duine, beag ná mór, sa seomra leapa. Bhí Iúidit ina seasamh ansiúd cois na leapa agus dúirt sí léi féin ina croí: “A Thiarna, a Dhia uilechumhachtaigh, féach ag an am seo ar bhearta mo lámh chun glóire Iarúsailéim.⁵ Anois an uain le teacht i gcabhair ar d’oidhreacht, agus mo sheift a chur i gcrích leis na naimhde atá éirithe amach inár gcoinne a scriosadh.”⁶ Ansin chuaigh suas go cearchail na leapa os cionn cheann Holofarnaes agus thóg anuas a chlaíomh a bhí ar crochadh ansiúd.⁷ Dhruid sí lena leaba agus rug ar mhothall a chinn air agus dúirt: “Treisigh liom inniu, a Thiarna, Dia Iosrael.”⁸ Bhuail sí faoi dhó i mbaic an mhuiníl é le lán a nirt, agus theasc sí an ceann dá cholainn.⁹ Ansin tharraing sé a chorp den leaba agus strac anuas an



ceannbhrat dá chuailí; d'imigh sí amach ansin tar éis tamaill bhig agus thug ceann Holofarnaes dá hionailt, ¹⁰ agus chuir sise ina mála bia é.

Ceann Holofarnaes á Bhreith go Béitiúilia

Ghabh an bheirt acu amach le chéile ansin faoi mar ba ghnáth leo chun urnaí; nuair a scaradar leis an longfort, rinneadar timpeall an ghleanna agus chuadar an cnoc suas go Béitiúilia agus shroicheadar a gheataí. ¹¹ Ghlaoih Iúdit ó chéin chun an lucht faire ag na geataí agus dúirt: “Osclaígí, osclaígí an geata! Tá Dia, ár nDia farainn fós lena neart a imirt in Iosrael, agus a lámh láidir a nochtadh in aghaidh a naimhde, rud a rinne sé inniu féin!” ¹² Nuair a chuala muintir na cathrach a guth, bhrostaigh siad anuas go geata an bhaile agus chuir siad gairm ar sheanáirí an bhaile. ¹³ Tháinig siad go léir idir bheag agus mhór le chéile le barr luais, mar bhí sé dochreidte acu í a fhilleadh; d'oscail siad an geata agus scaoil isteach iad, d'adhain siad tine le solas a thabhairt agus chruinnigh siad ina dtimpeall. ¹⁴ Ansin dúirt sí in ard a gutha: “Molaigí Dia! Moladh dó! Molaigí Dia óir níor dhiúltaigh sé a thrócaire do theaghlach Iosrael, ach ár naimhde a scriosadh trí mo láimhse anocht féin!” ¹⁵ Ansin thóg sí an ceann as an mála, thaispeáin dóibh é, agus dúirt leo: “Seo é ceann Holofarnaes, ceann feadhna arm na hAsáire, agus seo é an ceannbhrat ar luigh sé faoi agus é ar deargmheisce. Leag an Tiarna ar lár é le láimh mná. ¹⁶ Dar an Tiarna beo, an té sin a chosain mé ar mo bhealach, ba i m'aghaidh a mheall é chun a scriosta, ach, féach, nach ndearna sé aon choir liom chun m'aithise agus mo náirithe.” ¹⁷ Bhí ardionadh ar an bpobal ar fad, agus chrom siad go talamh in ómós do Dhia agus dúirt siad



d'aonghuth: “Moladh leat, a Dhia linn, óir chuir tú náire ar naimhde do phobail inniu.”
¹⁸Agus dúirt Uizía le [Iúidit]: “Is beannaithe thú ag Dia, an té is airde, thar mná an domhain go léir; moladh leis an Tiarna Dia, a chruthaigh neamh agus talamh, agus a threoraigh thú lena cheann a theascadh de cheannaire ár naimhde. ¹⁹Ní rachaidh cuimhne ar an muinín a nocht tú ar ceal ó chroíthe daoine go brách fad a bheidh cuimhne acu ar neart Dé. ²⁰Go ndeonaí Dia é seo a bheith mar onóir bhuan agat agus go seola sé beannachtaí i do bhóthar; óir ní dhearna tú d'anam féin a choigilt nuair a bhí ár gcine sa díog, ach chosain tú sinn ar an tubaiste agus ghabh tú an cosán díreach i láthair ár nDe.”
 Agus d'fhreagair an pobal ar fad: “Amen! Amen!”

Bua agus Caithréim

14 Dúirt Iúidit leo ansin: “Éistigí liom, a bhráithre, agus tógaigí an ceann seo agus cuirigí ar crochadh le forbhalla bhur múrtha é. ²Le breacadh an lae agus le héirí gréine, tógadh gach duine suas a chuid airm agus gluaiseadh gach fear infheidhme amach as an mbaile; ceapaigí ceann feadhna i gceannas orthu amhail is go mbeadh sibh ar bhur mbealach síos go dtí an machaire in aghaidh urphost na nAsáireach – ach na déanaigí amhlaidh. ³Béarfaidh siadsan greim ar a dtrealamh catha, agus imeoidh leo chun an longfoirt, agus glaofaidh siad ar cheannairí arm na hAsáire; ansin rithfidh siadsan go both Holofarnaes, ach ní bhfaighidh siad ann é. Tiocfaidh scéin orthu ansin, agus teithfidh siad as bhur radharc. ⁴Rachaidh sibhse agus an mhuintir go léir ar a bhfuil cónaí i gcríocha Iosrael sa tóir orthu agus leagfaidh sibh ar lár iad agus iad ag teitheadh leo. ⁵Ach sula



ndéanann sibh na nithe sin go léir, tugaigí Aichíór an tAmónach anseo chugam, agus feiceadh sé agus aithníodh sé an té úd ar bheag leis teaghlach Iosrael agus a sheol chugainn é amhail is dá mba chun a bháis.”⁶ Chuir siad fios ar Aichíór dá bhrí sin ó theach Uizía agus nuair a tháinig sé agus go bhfaca sé ceann Holofarnaes ina lámh ag duine i gcomhthionól an phobail, thit sé ar a bhéal agus ar a fhiacra i bhfantais.⁷ Nuair a d’ardaíodar é, chaith sé é féin ag cosa Iúidit, agus chuaigh ar a ghlúine os a comhair á rá: “Go raibh tú beannaithe i ngach both de chuid Iúdá agus i ngach náisiún; an mhuintir a chloisfidh d’ainm, tiocfaidh scanradh orthu.”⁸ Agus anois, más ea, inis dom céard a rinne tú le roinnt laethanta anuas.” Ansiúd i lár an phobail d’inis Iúidit dó gach rud a rinne sí ón lá a d’fhág sí go dtí an uair a raibh sí ag caint leo.⁹ Nuair a bhí deireadh ráite aici, chuir an pobal gáir mhór suas, agus bhain siad macalla áthais as an mbaile.¹⁰ Nuair a chonaic Aichíór a raibh déanta ag Dia Iosrael, chreid sé go daingean i nDia, ghlac le timpeallghearradh, agus ghabh le teaghlach Iosrael go dtí an lá seo féin.

¹¹ Le breacadh an lae chuir siad ceann Holofarnaes ar crochadh leis an mballa. Rug gach fear ar a chuid airm agus amach leo ina mbuíonta faoi bhealaí an tsléibhe.¹² Nuair a chonaic na hAsáirigh iad, chuir siad scéala chun a gceannasaithe, a gceannairí míle, agus a lucht ceannais go léir.¹³ Tháinig siad go both Holofarnaes agus dúirt leis an té a bhí bhfeighil a chúraimí go léir: “Dúisigh ár dtiarna; bhí sé de dhánaíocht sna daoir úd teacht anuas chun catha inár gcoinne le go scriosfaí ó thalamh iad!”¹⁴ Chuaigh Bagóas isteach agus bhuaile ar dhoras na botha agus é á mheas go raibh Holofarnaes ina chodladh le Iúidit.¹⁵ Ach nuair nár tugadh aon aird air, tharraing sé siar an cuirtín, chuaigh isteach sa seomra leapa agus fuair ansiúd marbh é caite ar an tairseach agus an ceann de agus é



sciobtha ar shiúl. ¹⁶Bhéic sé in ard a chinn, agus ghoil, agus chaoin, agus liúigh, agus stróic a chuid éadaigh. ¹⁷Chuaigh sé isteach ansin sa bhoth ina raibh Iúdit ag cur fúithi, agus nuair nach bhfuair sé í rith sé amach chun an tslua ag béiceach: ¹⁸“Chuir na daoir an dallamullóg orainn! Tá táir agus tarcaisne tugtha ag aon Eabhrach mná amháin ar theaghlach an rí Nabúcadnazar. Mar féach, siúd é Holofarnaes faon marbh, agus an ceann de!” ¹⁹Nuair a chuala ceannairí fórsaí na hAsáire é sin, sracadar a lúireacha, agus suaitheadh go smior iad, agus bhí macalla a mbéicíola agus a liúirí le clos ar fud an longfoirt.

15 Nuair a chuala an mhuintir a bhí ina mbothanna fós an scéal, chuir sé alltacht orthu. ²Tháinig scéin agus eagla a gcroí orthu i dtreo gur theith gach fear fiú óna chomharsa agus gur bhrúchtadar go léir amach de ruathar ar gach bealach trasna an mhachaire agus faoin sliabh suas. ³An dream a bhí i gcampaí timpeall ar Bhéitiúilia, theith siad leo chomh maith. Ansin rinne clann Iosrael, gach saighdiúir ina measc, ruathar fúthu. ⁴Chuir Uizíá teachtairí go Béiteomastaím, go Baebaí, go Chóbaí, go Chólá agus ar fud ardáin Iosrael á fhógairt céard a tharla agus ag spreagadh cách chun fogha a thabhairt faoi na naimhde agus iad a scriosadh. ⁵A luaithe a fuair clann Iosrael an scéala thugadar fogha fúthu le chéile agus bhíodar á dtreascairt ar feadh na slí go léir go Chóbaí. Tháinig muintir Iarúsailéim agus na n-ardán go léir freisin le bheith páirteach leo mar insíodh dóibh cad a thit amach i longfort a naimhde. Ansin thug an mhuintir i nGileád agus sa Ghailíl fúthu ón gcliathán agus rinne iad a phleancadh go dian nó gur shroicheadar an Damaisc agus a críocha. ⁶An chuid eile de mhuintir Bhéitiúilia, thug siad fogha faoi



longfort na hAsáire, chreach é, agus fuair a lán éadála.⁷ Nuair a d’fhill clann Iosrael ón eirleach, ghabhadar a raibh fágtha; fuair na bailte agus na sráidbhailte ar na hardáin agus sna hísleáin a lán creiche chomh maith, mar bhí sí ann go flúirseach agus go raidhsiúil.

Iosrael ag Breith Buíochais

⁸ Ansin tháinig Ióacaím an t-ardsagart agus seanad chlann Iosrael a bhí ag cur fúthu in Iarúsailéim le lán na súl a fháil de na nithe fóna a rinne an Tiarna do Iosrael agus le Iúidit a fheiceáil agus gairdeas a dhéanamh léi.⁹ Nuair a tháinig siad chun a tí, cheiliúir siad go léir di d’aonghuth, agus dúirt:

“Is tú glóir Iarúsailéim:

Is tú ábhar mórmhaíte Iosrael!

Is tú barr onóra ár gcine!

¹⁰ Le neart do lámhe féin a rinne tú an méid sin uile!

Is mór an chomaoín a chuir tú ar Iosrael!

Agus is gean le Dia do bheart.

Go raibh beannacht ón Uilechumhachtach ort

Go brách na breithe.”

Agus d’fhreagair an pobal ar fad: “Amen. Amen.”

¹¹ Bhí an longfort á chreachadh ag an bpobal go léir ar feadh deich lá fichead. Thug siad both Holofarnaes, a ghréithe airgid go léir, a tholga, a mhiasa, agus a throsacán do Iúidit. Thóg sí léi iad; chuir ualach díobh ar a miúil, ghabh a trucaílí agus chruach an



airnéis in airde orthu. ¹² Ansin bhrostaigh mná Iosrael go léir le chéile le hí a fheiceáil, agus mhol í, agus chóirigh iad féin ina bhfoirne rince ina honóir; fuair sí craobha agus dháil sí ar a lucht coimhdeachta iad; ¹³ ansin chuir sí féin agus a bantracht fleasca olóige orthu féin. Chuaigh sí ar thosach na buíne go léir, ag cur ceann ar rince na mban go léir. ¹⁴ Lean fir Iosrael go léir iad faoi airm agus faoi bhláthfhleasca, agus iomainn á gcanadh acu.

Laoi Iúidit

16 Ansin, agus Iosrael go léir ina timpeall, chuir Iúidit ceann ar an laoi mholta seo, agus chan an pobal go léir an t-iomann seo in ard a gcinn ² Dúirt Iúidit:

Crochaigí suas do Dhia é ar na tiompáin!
 Ceolaigí don Tiarna leis na ciombail!
 Déanaigí comhcheadal sailm agus caintice dó!
 Déanaigí a ainm a mhóradh agus a ghairm.
³ Óir is Dia a bhascann cogáí é an Tiarna,
 Mar shuigh sé a longfort i measc a phobail.
 Agus d'fhuascail mé ó lámha mo naimhde.

⁴ Tháinig an tAsáireach aduaidh ó na sléibhte;
 Tháinig sé leis na mílte ar mhílte dá shluaite;



Rinne a mhathshlua coisithe na gleannta a thachtadh,
 Agus bhí a mharcshlua mar bhrat ar na sléibhte.

⁵ Mhaígh sé go gcuirfeadh sé mo chríocha trí thine,
 Agus go n-imreodh sé faobhar claímh ar m'ógfhir,
 Go mbascfadh sé mo naíonáin ar an urlár,
 Go bhfuadódh sé mo leanaí mar bhrad,
 Agus mo mhaighdeana mar chreach;

⁶ Ach chuir an Tiarna uilechumhachtach bac orthu
 Trí láimh mná.

⁷ Óir ní le lámh na n-ógánach a thit a gcumasach,
 Ná ní hiad clann na dTíotan a leag ar lár é,
 Ná ní hiad na fathaigh uallacha a rinne an fogha;
 Ach is í Iúidit, iníon Mharáraí,
 A scrios é le scéimh a ceannaithe.

⁸ Mar bhain sí di a feisteas baintrí,
 D'fhonn misneach a thabhairt do lucht an drochmhisnigh in Iosrael.
 Rinne sí a haghaidh a ungradh le hola,

⁹ Agus a folt a chóiriú faoi cheannbheart,
 Agus chuir brat lín uimpi lena bhréagadh.

¹⁰ Rinne a cuarán a shúil a mhealladh,
 Agus chuir a háille cluain ar a aigne,
 Agus ghabh an claíomh trína mhuineál!



- ¹¹ Chuir a misneach scéin ar na Peirsigh,
Agus a dánaíocht scanradh ar na Méidigh.
- ¹² Tháinig [criteagla] orthu nuair a liúigh mo phobal tláth.
Tháinig ballchrith orthu nuair a liúigh siad níos airde,
Agus theith siad nuair a chuir siad an liú is airde astu.
- ¹³ Chuir clann mhac na gcailíní an tseá tríothu,
Agus ghoin iad mar dhéanaidís leanaí na dteifeach.
Cailleadh iad os comhair arm eagraithe mo Thiarna.
- ¹⁴ Canfaidh mé iomann nua do mo Dhia.
A Thiarna, is mór é thú agus is glórmhar,
Is éachtach thú i neart, agus ní féidir thú a chloí.
- ¹⁵ Go bhfóna do chruthaíocht go léir duit,
Óir labhair tú agus rinneadh iad.
Sheol tú do spiorad uait agus chum sé iad.
Níl aon duine ann a d'fhéadfadh cur i gcoinne do ghlóire.
- ¹⁶ Creathfar na sléibhte óna mbonn
Ina meascán leis na huiscí.
Leáfaidh na carraigeacha romhat
Faoi mar a dhéanfaidh an chéir.
Ach beidh tú trócaireach i gcónaí
Leis an muintir ar a bhfuil eagla romhat.



¹⁷ Is suarach é gach íobairt mar ofráil chumhra.
 Agus sé is lú ar fad ná an tsail d'íobairt loiscthe.
 An té ar a bhfuil eagla ar an Tiarna, beidh tathag ann go brách.

¹⁸ Is mairg do na náisiúin a éiríonn in aghaidh mo chine!
 Déanfaidh mo Thiarna uilechumhachtach
 díoltas a imirt orthu lá na breithe;
 Seolfaidh sé tine agus cruimheanna ina bhfeoil
 Agus goilfidh siad le pian go deo.

¹⁹ Nuair a shroicheadar Iarúsailéim d'adhradar Dia, agus a luaithe a bhí an pobal íonghlanta rinneadar a n-íobairtí loiscthe agus a n-íobairtí deonacha agus a mbronntanais a ofráil. ²⁰ Rinne Iúidit gréithe uile Holofarnaes, a thug an pobal di, agus an ceannbhrat a thug sí féin léi ón seomra leapa, a thíolacadh do Dhia mar ofráil mhóide. ²¹ Bhí an pobal ag ceiliúradh in Iarúsailéim os comhair an Teampaill ar feadh trí mhí agus d'fhan Iúidit ina dteannta.

Deireadh Saoil Iúidit

²² Nuair a bhí na laethanta sin thart d'fhill gach duine ar a oidhrecht féin; chuaigh Iúidit ar ais go Béitiúilia agus chuir fúithi ina tailte féin; bhí meas uirthi ar fud na tíre go léir lena linn. ²³ Bhí a lán daoine á tochmharc, ach níor phós sí ar ais le haon duine ar feadh a saoil ón lá a d'éag a céile, Manaise, agus a bailíodh é chun a mhuintire. ²⁴ Leath a



clú agus a cáil i bhfad i gcéin de réir mar chuaigh sí in aois i dteach a fear céile nó go raibh sí céad agus a cúig bliain d'aois. Thug sí a sairse dá hionait. Fuair sí bás i mBéitiúilia agus chuireadar í in uaimh a fear céile, Manaise, ²⁵ agus chaoin teaghlach Iosrael í ar feadh seacht lá. Sula bhfuair sí bás roinn sí a maoin ar ghaolta a fir, Manaise, agus a gaolta féin. Níor chuir aon duine scanradh ar chlann Iosrael go deo arís go lá a báis ná ar feadh aga fhada ina dhiaidh sin.

